#RightToBeAReader

# Déantar ciste na leabharlann scoile a athnuachan i mbliana I mBuiséad 2022

leabhair pháistí éireann
ag cothú léitheoirí

**‘Tairseach chuig domhan eile ar fad is ea leabharlann na scoile – domhan an eolais agus na samhlaíochta, ina bhfuil saoirse agus spraoi, domhan atá saor in aisce agus ar fáil do chách.’**
– Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg 2020–23

## Tá sé in am an ciorrú a rinneadh a chur ina cheart arís

Is ionann leabhair is scáthán agus fuinneog ar an saol, ina dtugtar léargas don leanbh ar an saol mar a chaitheann sé féin é chomh maith leis an saol mar a chaitheann daoine eile i gcultúir eile é. Tá léitheoireacht in ann athrú chun maitheasa a chur ar an saol do leanaí. Sin é an t-údar a raibh cúnamh deontais san áireamh sa Bhuiséad roimhe seo chun cuidiú le bunscoileanna leabhair a choinneáil ina gcuid leabharlann.

Rinneadh ciorrú ar an deontas sin sa bhliain 2008, áfach, agus ní dhearnadh é a thabhairt ar ais riamh mar a bhí. Tá sé sin beagnach cúig bliana déag ó shin anois.

Mar thoradh air sin, is lú leanaí a bhfuil teacht go réidh acu ar leabhair iontacha, nua-aimseartha. Tá go leor scoileanna ag brath ar thabhartais chun acmhainn riachtanach a chur ar fáil. Tá scoileanna nua á ndéanamh ina bhfuil áit leabharlainne ach gan maoiniú ar bith ar fáil chun na háiteanna sin a líonadh.

**Táimid ábalta é a chur ina cheart i mbliana – tríd an gciste a athnuachan i mBuiséad 2022.**

## Tábhacht na léitheoireachta

Tá fianaise ann a léiríonn gur mó tábhacht don leanbh ó thaobh forbairt chognaíoch a bheith ag léamh mar chaitheamh aimsire ná leibhéal oideachais a dtuismitheoirí agus gur mó tionchar a imríonn léitheoireacht ná cúlra socheacnamaíoch ar a ndul chun cinn sa saol.

Tá ceangal déanta freisin idir léitheoireacht agus folláine mheabhairshláinte, a bheidh ríthábhachtach agus an tsochaí ag teacht as an tionchar a bheidh ag an ngéarchéim sláinte.

De réir an OECD ‘beag beann ar chúlra an teaghlaigh, baineann daltaí a bhíonn ag léamh go rialta scóir amach i litearthacht léitheoireachta a bhíonn cuid mhaith os cionn an mheáin idirnáisiúnta.’

Tugtar le fios sa tuarascáil *Ag Fás Aníos in Éirinn* ón ESRI agus ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, arna maoiniú ag an Rialtas, go ‘gcuidíonn léitheoireacht fhéintreoraithe agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir lasmuigh d’am scoile le forbairt chognaíoch (ó thaobh scileanna cainte agus uimhriúla) leanaí níos sine chomh maith le féin-mhuinín ó thaobh na hacadúlachta a chothú iontu’.

**Tugann an taighde ar fad le fios go bhfuil tábhacht leis an léitheoireacht.**

## Tá leabhair tuillte ag gach leanbh – ach ní gach leanbh atá in ann teacht orthu

Tuigimid gurb iad na daltaí sin atá faoi mhíbhuntáiste is mó a bhfuil tionchar ag an ngéarchéim sláinte orthu. Ach ní le cúrsaí socheacnamaíochta amháin a bhaineann an deighilt sa léitheoireacht: tá sé de cheart ag *gach* leanbh teacht a bheith aige ar leabhair chun a shamhlaíocht a mhúscailt agus chun cuidiú leis barr cumais a bhaint amach. Tá réimse leathan téacsanna ag teastáil i ngach scoil chun aidhmeanna an churaclaim teanga sa chóras bunoideachais a bhaint amach agus lena n-éilítear go mbeadh leanbh 'seasta i mbun rogha leathan ábhair litríochta atá oiriúnach dá chéim/céim forbartha'.

Rinneadh beagnach 400 iarratas ar thionscadal tabhartas leabharlann scoile Children's Books Ireland sa bhliain 2020. Ba ó scoileanna nárbh scoileanna DEIS iad a tháinig 70% de na hiarratais sin. Léiríonn taighde go bhfuil difear ó thaobh inscne i measc leanaí a bhíonn ag léamh mar chaitheamh aimsire. De réir an staidéir *Ag Fás Aníos in Éirinn* 'tá an difear ó thaobh inscne sa staidéar dochreidte. I measc leanaí ó naoi mbliana go trí bliana déag, tá sé chomh dócha go rachadh cailíní ó chúlra lucht oibre i mbun léitheoireachta gach lá le buachaillí sa mheánaicme nó tá sé níos dócha go dtarlódh sin'. Léiríonn an staidéar céanna difear suntasach ó thaobh inscne i measc leanaí 9 mbliana, ina ndúirt níos mó cailíní na buachaillí (68% i gcomparáid le 55%) 'gur maith leo a bheith ag léamh i gcónaí.' Is lú ama a chaitheann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag léamh freisin ná leanaí eile, is lú an scór a bhaineann daltaí imirceach amach ó thaobh léamh an Bhéarla ná a gcomhghleacaithe in Éirinn agus léiríonn fianaise go bhfuil 60% de dhaltaí den Lucht Siúil faoi bhun an 20ú peircintíl ó thaobh léamh an Bhéarla.

**Spreagfadh deontas uilíoch gach léitheoir chun leabhar a oireann iadsan a aimsiú.**

## Is iontach iad na leabharlanna poiblí – ach ní hiad an réiteach iad

Is iontach go deo an acmhainn iad na leabharlanna poiblí ach bíonn na seirbhísí a chuireann leabharlanna poiblí ar fáil do scoileanna ag brath ar acmhainn agus ar acmhainní gach údaráis áitiúil aonair. Ní gach scoil atá ábalta cuairt a thabhairt ar leabharlann phoiblí: d'fhéadfadh cúrsaí taistil a bheith i gceist go háirithe i gceantair thuaithe. Tugann leabharlanna taistil cuairt ar roinnt scoileanna, ach ní thugann ar gach scoil ná chomh minic is a theastaíonn chun cultúr bisiúil léitheoireachta a thabhairt chun cinn.

Ní gach teaghlach ach oiread a thugann cuairt ar an leabharlann: d'fhéadfadh go measfadh go leor tuismitheoirí agus cúramóirí 'nach áit dóibhsean' na háiteanna sin.

**Sin é an fáth a dteastaíonn leabharlanna scoile atá lán le leabhair.**

‘Tríd is tríd, bhain leanaí agus daoine óga a bhaineann leas as leabharlann na scoile leibhéil níos airde amach ó thaobh léitheoireachta, sásaimh, léitheoireacht mar chaitheamh aimsire, muinín léitheoireachta, scríobh mar chaitheamh aimsire, muinín sa scríbhneoireacht agus gnóthachtáil léitheoireachta ná iadsan nár bhain.’

– Suirbhé Bliantúil Litearthachta 2019, An tIontaobhas Náisiúnta Litearthachta (An RA)

## Mar fhocal scoir, is mór is fiú an beagán

Dá leithroinnfí €10 in aghaidh gach linbh bunscoile sa tír chun cuidiú le scoileanna leabhair a cheannach dá leabharlann – closleabhair agus leabhair pictiúr san áireamh – ní bheadh ach leithroinnt €5.68m i gceist i mBuiséad 2022. Is iontach an deis saoil agus sásamh a bheadh san infheistíocht bheag sin do leanaí.

## Cad is féidir liomsa a dhéanamh?

- **Déan teagmháil le do Theachta Dála áitiúil agus iarr cúnamh air/uirthi roimh an mBuiséad i mí Dheireadh Fómhair.**
- **Is féidir sin a dhéanamh trí ríomhphost nó litir a sheoladh chucu nó teagmháil a dhéanamh leo ar na meáin shóisialta nó leis an oifig Dáilcheantair.**
- **Tá bealaí go leor ann le do thuairimí a chur in iúl – agus tá tábhacht le gach tuairim.**

leabhair pháistí éireann
ag cothú léitheoirí

Follow us on social media!

childrensbooksireland
@KidsBooksIrel
@kidsbooksirel
CBI-Children’s Books Ireland

#RightToBeAReader